

Ábhar

Canúintí Béarla an domhain

Téacs Léitheoireachta

**Agallamh a chuir Eithne Ní
Ghallchobhair ar an Dr Bert Vaux.**

As an iris www.beo.ie.

Le caoinchead ó eagarthóir www.beo.ie.

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



An Mheitheal um Theagasc
na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal

Suirbhé suimiúil ar chanúintí Béarla an domhain

Réamhobair

Beidh tú ag léamh ailt as www.beo.ie faoin Dr Bert Vaux atá ina léachtóir le Teangeolaíocht in Ollscoil Cambridge. Chuir Eithne Ní Ghallchobhair agallamh air faoi thionscadal teangeolaíochta atá idir lámha aige maidir le hathrú canúintí agus mionteangacha an domhain.

Seo cuid de na ceistanna a chuir Eithne Ní Ghallchobhair ar an teangeolaí. Léigh ar dtús iad agus déan machnamh orthu – an bhfuil aon dearcadh agat féin ina leith? Pléigh iad le duine eile sa rang – cén dearcadh atá aige/aici?

- An bhfuil buntáistí ag daoine a thógtar go dátheangach?
- Cad é do bharúil faoin dóigh a múintear teangacha i scoileanna?
- Ar cheart go mbeadh rialtais níos gníomhaí maidir le slánú na mionteangacha?
- Cad é atá i ndán do mhionteangacha go ginearálta ar fud an domhain?
- An síleann tú go bhfuil canúintí ag athrú / ag dul i léig ag ráta níos gaiste anois ná mar a bhí roimhe seo?
- Cad é atá i ndán do na canúintí Béarla?

Léamh

Anois léigh an t-alt agus féach cad a dúirt an Dr Vaux faoi na ceistanna thuas. Pléigh le do pháirtí na difríochtaí idir an méid a dúirt an Dr Vaux agus an méid a cheap sibh féin.

Seo gluais chun cabhrú leat. Tá spás fágtha ag bun na gluaise chun focail nua a shíleann tú ba cheart a bheith sa ghluais a scríobh. Bain úsáid as foclóir más gá.

litríocht lagbhríoch dhoiléir leadránach	<i>depressing, obscure, boring literature</i>	
mórbhuntaistí cognaíocha agus forbartha	<i>great cognitive and developmental advantages</i>	
domhandú cultúrtha	<i>cultural globalisation</i>	
friotal eispriseach	<i>expressive language</i>	
Béarla na nGormach Meiriceánach agus na nEaspáinneach	<i>African-American and Hispanic English</i>	
solúbthacht	<i>flexibility</i>	
teoiric fhóineolaíoch agus	<i>phonological and</i>	Fóineolaíocht: An córas

mhoirfeolaíoch	<i>morphological theory</i>	fuaim a bhíonn ag teanga Moirfeolaíocht: Struchtúr focal – na gnéithe éagsúla a bhíonn mar chuid de struchtúr focail.
an chanúineolaíocht	<i>dialectology</i>	Staidéar ar chanúintí
i dtólamh	<i>i gcónaí (canúint Uladh)</i>	
fothacar carachtar	<i>character subset</i>	
iniúchadh cruinn	<i>close inspection</i>	
fiú don tuata	<i>even for the layperson</i>	
ag dul i léig	<i>diminishing</i>	
dáileadh geografach	<i>geographic distribution</i>	

Feasacht Teanga

1. Féach conas a deirtear *he is a lecturer in linguistics* – ‘tá sé ina léachtóir le teangeolaíocht’. Déan cleachtadh ar na cinn seo: *he’s a history lecturer, she’s a chemistry lecturer, he’s a maths lecturer, she’s an English lecturer*.
2. Seo thíos focail as an téacs ach tá mí-úsáid fleiscín i gcuid acu. An féidir leat iad a cheartú, más gá?

do-dhéanta, drochrud, gnáth-phobal, mionteanga, neamhfhoirmiúil, príomháit, gnáthphatrún, ró-dhian, rí-thábhachtach, lagbhrioch, saineolaí, dianstaidéar, lán-tacaíocht.

3. Conas a chuirfeá Béarla cruinn ar na frásaí seo as an alt?
 - tá sé tugtha dá ábhar
 - ag éisteacht go fánach le
 - baineadh stad as
 - bainteach le hábhar
 - dul i ngleic le
 - labhraíonn sé go minic ar an ábhar is ansa leis
4. ‘ar thíortha’ ach ‘ar domhan’. Cén fáth a bhfuil séimhiú sa chéad sampla ach nach bhfuil sa dara ceann? Bain amach na lúbíní as na samplaí eile ón téacs.

ar (fud)

ar (fáil)
ar (bun)
ar (daoine)
ar (bealach)

5. Tá leabhair agus ailt scríofa aige faoin ábhar. Tá páipéir, seimineáir agus ceardlanna tugtha aige. Féach ar na focail a bhfuil líne fúthu – an lagiolraí nó tréaniolraí iad? Cén chabhair a thugann sin duit don tuiséal ginideach iolra? Pléigh le do pháirtí / leis an teagascóir agus déan iarracht an cleachtadh thíos a dhéanamh.

leabhair	teidil na	_____
ailt	údair na	_____
páipéir	uimhreacha na	_____
seimineáir	ábhar na	_____
ceardlanna	topaicí na	_____

Iarobair

Plé

- Cad iad na tréithe a bhaineann leis an gcanúint Bhéarla sa cheantar inar tógadh tusa?
- Bíonn an scríbhneoir Ross O’Carroll Kelly ag magadh faoi chanúint dheisceart Átha Cliath – an bhfuil aon chur amach agat ar an scríbhneoir sin agus ar na daoine a scríobhann sé fúthu? Cad a cheapann tú mar gheall air?
- ‘Ní fiú litríocht lagbhrioch dhoiléir leadránach a bhrú orthu’ a deir an Dr Vaux. An gcheapann tú go ndéantar a leithéid i gcóras oideachais na tíre seo?
- Pléigh féin agus do ghrúpa na príomhdhifríochtaí atá ann idir canúintí na Gaeilge.
- Cén chanúint atá ag an iriseoir a scríobh an píosa faoin Dr Vaux? Cad iad na leideanna a chuireann an chanúint in iúl?

Tascanna

- Beidh tú ag obair i ngrúpaí de thriúr. (i) Cumaigí ceisteanna tuisceana ar an téacs atá léite agaibh. Beidh sibh ag tabhairt na gceisteanna do ghrúpa eile agus beidh siadsan ag tabhairt a gceisteanna siúd daoibhse; (ii) Scríobhaigí freagraí ar na ceisteanna a fuair sibh ón ngrúpa eile; (iii) Malartaigí freagraí

agus ceartaígi freagraí an ghrúpa eile – déanaigi cúram ar leith d'earráidí gramadaí; (v) Pléigi na hearráidí le chéile.

- Liostaigh féin agus an duine in aice leat cuid de chanúintí Béarla na hÉireann agus pléigi na tréithe a bhaineann leis na canúintí sin. Cad atá so-aitheanta fúthu? Cén dearcadh a bhíonn ag daoine i leith: (i) duine le canúint láidir thuaisceart Bhaile Átha Cliath; (ii) duine le canúint láidir Chiarraí; (iii) duine le canúint láidir Bhéal Feirste? An féidir libh smaoinemh ar dhaoine i mbéal an phobail a bhfuil na canúintí sin acu? Cén dearcadh atá ag daoine fúthu – Jackie Healy-Rae, mar shampla? Scríobh achoimre ghearr ar bhur bplé.

Mar iarobair, scríobh píosa faoi cheann de na teidil seo (i) ‘níor mhaith liom go mbeadh canúint X ag mo chuid páistí mar...!’; (ii) ‘níl tábhacht ar bith ag baint le canúint na laethanta seo’; (iii) ‘níl a leithéid de rud ann agus canúint Bhéarla in Éirinn na linne seo’.

Téacs

Bíodh is go bhfuil an Dr Bert Vaux ina shaineolaí idirnáisiúnta ar theoric fhóineolaíoch agus mhoirfeolaíoch, is í an chanúineolaíocht a thagann idir é agus codladh na hoíche. Seo an t-ábhar a choinníonn istigh os comhair ríomhaire é go breacadh lae, go háirithe canúintí a bhaineann leis an Bhéarla, leis an Airméinis agus le hAbcáisis. Tá leabhair agus ailt scríofa aige faoin ábhar. Tá páipéir, seimineáir agus ceardlanna tugtha aige. Agus tá an tionscadal teangeolaíochta is mó ar domhan ar bun aige le dornán blianta anuas ina bhfuil dianstaidéar á dhéanamh aige ar chanúintí Béarla ar fud an domhain. Thiocfaí a rá go bhfuil an fear seo tugtha dá ábhar.

Sa bhliain 2007 chuir an Dr Vaux suirbhé ar líne, *The Cambridge Online Survey of World Englishes* (www.ling.cam.ac.uk/survey). Bhí sé ag iarraidh focail áirithe a bhreacadh ar léarscáil chun tuiscint a fháil ar phatrúin canúintí a bhain leis an Bhéarla ar fud an domhain mhóir. Ó cuireadh an suirbhé ar líne i mí Mheán Fómhair 2007 tá breis is 4,200 duine i ndiaidh ceisteanna an tsuirbhé a fhreagairt. Tig le duine ar bith logáil isteach agus súil a chaitheamh ar na torthaí atá bailithe go dtí seo.

Thosaigh an suirbhé go neamhfhoirmiúil mar chaitheamh aimsire. Chaith an Dr Vaux cúig bliana déag ag cur ceisteanna canúna ar mhic léinn agus ar dhaoine a casadh air go sóisialta. Bhíodh sé ag éisteacht go fánach le daoine i ngan fhios dóibh agus iad i mbun comhrá, é i dtólamh ag iarraidh éagsúlachtaí canúna a aimsiú agus a thuigbheáil. I ndiaidh dó fothacar carachtar a chur le chéile a bhí bunaithe ar a chuid taighde, rith sé leis go dtiocfaí iniúchadh cruinn a dhéanamh ar ghnéithe canúintí trí shuirbhé ar líne a sheoladh agus na torthaí a bhreacadh ar léarscáil dhomhanda.

Fiú don tuata, is ábhar suime agus iontais torthaí an tsuirbhé. Mic léinn ollscoile agus daoine oilte a bhí sa lucht freagartha den chuid is mó. Deir an Dr Vaux gur baineadh stad as nuair a thosaigh sé ag déanamh comparáide idir na freagraí féin agus cúlra an lucht freagartha. Cloistear go mion minic go bhfuil canúintí ag dul i léig, go háirithe i measc daoine óga. Déanann siad aithris ar a chéile, ó thaobh ceoil, éadaí agus teanga de, ach bhí an oiread sin éagsúlachtaí canúna ag na daoine seo gur léir go raibh siad ag cloí leis na gnéithe canúna a bhain leis na ceantair inar tógadh iad. Tá dáileadh geografach an-soiléir le sonrú do roinnt de na téarmaí, mar shampla na focail a mbaineann lucht an Bhéarla úsáid astu chun cur síos a dhéanamh ar dheochanna boga.

Cad é an tábhacht a bhaineann leis na freagraí a tháinig ar ais chugat agus an bhfuil tú sásta go dtugann na freagraí léargas beacht ar chanúintí ghnáthphobal na gceantar agus na dtíortha atá luaite leo?

Níl mé go hiomlán sásta. Roghnaigh mé ceisteanna a shíl mé a bheadh bainteach le saol lucht an Bhéarla mórthimpeall an domhain. Anois chítear domh go mbeadh

suirbhéanna aonair níos feiliúnaí agus ceisteanna ar leith a bheith dírithe ar thíortha áirithe ionas go mbeinn ábalta ceisteanna níos suimiúla a roghnú d’achan áit. Níor rith sé seo liom san am, ar an drochuair.

An síleann tú go bhfuil canúintí ag athrú / ag dul i léig ag ráta níos gaiste anois ná mar a bhí roimhe seo?

Bíonn canúintí beo ag athrú i gcónaí agus chan rud úr atá sna hathruithe seo ar chor ar bith. Tá canúintí fíorshuimiúil dá bharr seo. Tháinig athruithe suntasacha ar stór focal daoine de réir mar a tháinig méadú ar an tionsclaíocht, ar dhomhandú cultúrtha, leis an raidió, leis an teilifís, leis an idirlíon agus araile, ach ní thiofai a rá gur rud úr atá sna mórathruithe féin. Is dócha gur tharla athruithe chomh mór agus chomh gasta céanna le hionsaithe tíortha, le ceansú ainmhithe, le forbairt iarainn nó forbairtí ar bith a tharla ar mhórscaála roimhe seo.

Rud eile atá suimiúil is é go bhfuil éagsúlachtaí i bhfuaimniú focal ag méadú sna príomhchathracha le fiche nó tríocha bliain anuas. Níl a fhios againn an bhfuil an ráta athraithe ag méadú nó ag íslíú ach tá na hathruithe ann. Is cinnte go bhfuil éagsúlachtaí gramadaí a bhain le canúintí ar leith ag feo go gasta, áfach, agus is trua sin.

Cad é do bharúil faoi fhocail Bhéarla a bheith ag síleadh isteach go horgánach i dteangacha eile?

Is rud iontach é, is rud sláintiúil é. De réir mar a mhéadaíonn stór focal duine cuireann sé le friotal eispriseach an té atá ag caint. Tig leis an duine sin é féin a chur in iúl ar bhealach níos soiléire. Chomh maith leis sin, cuireann sé i gcuimhne do dhaoine cad é atá ag dul ar aghaidh i gcultúir eile. Ní fheicim míbhuntáiste ar bith leis an nós seo.

Agus an oiread sin teangacha sna Stáit Aontaithe, mar shampla, caithfidh sé go mbíonn siad uilig ag dul i bhfeidhm ar a chéile agus ag meascadh. Cad é mar a bheidh Béarla Mheiriceá i gceann leathchéad bliain eile? Cad é atá i ndán do na canúintí Béarla?

Ní dóigh liom go mbeidh siad an oiread sin níos difriúla ó na bealaí labhartha atá ag páistí 9 nó 10 mbliana i láthair na huaire. Tá seans maith ann go mbeidh níos mó de ghnéithe Bhéarla na nGormach Meiriceánach agus na nEaspáinneach caite isteach ann. Suntasach go leor, is cosúil go bhfuil Béarla Shasana ag dul i dtreo Bhéarla Mheiriceá go sciobtha. Ní gá a bheith róbhuartha, áfach – ní thig le bunadh an domhain mhóir an chanúint chéanna a thabhairt orthu féin. Tá sé dodhéanta.

Cad é, do bharúil, atá i ndán do mhionteangacha go ginearálta ar fud an domhain?

Muna dtuigeann an cine daonna gur rud maith atá ann teanga spéisiúil a labhairt agus nach drochrud atá ann a bheith difriúil leis an ghnáthphobal, tá todhchaí mhionteangacha an domhain gruama go leor. Sna Stáit Aontaithe, tá staid na

mionteangacha go hollc faoi láthair. Ceapann go leor Meiriceánach go bhfuil an Spáinnis ag cur isteach ar phríomháit an Bhéarla, cé go bhfuil cruthúnas ann go géilleann grúpaí inimirceach don Bhéarla laistigh de dhá nó trí ghlúin.

Ar cheart go mbeadh rialtais níos gníomhaí maidir le slánú na mionteangacha?

Thabharfainn lánacaíocht do roinnt scéimeanna rialtais, mar shampla, stad a chur leis an chosc atá ar bhunadh na Tuirce mionteangacha s'acu féin a labhairt go poiblí nó sna scoileanna. Ach ní mór a bheith cúramach. Is cinnte go dtig le scéimeanna rialtais dochar a dhéanamh do mhionteangacha chomh maith, go háirithe má bhíonn na rialacha ródhian agus muna bhfuil go leor solúbthachta i gceist leo.

Cad é do bharúil faoin dóigh a múintear teangacha go ginearálta sna Stáit Aontaithe nó i Sasana?

Tá sé go hainnis. I dtús báire, caithfear teangacha a mhúineadh do pháistí agus iad an-óg. Faoin am a bhíonn na déaga bainte amach acu bíonn a dtuairimí féin acu faoin dóigh ar mhaith leo a bheith ag labhairt agus na fuaimneanna a bheadh siad toilteanach a dhéanamh. Ina dhiaidh sin, caithfidh muid léiriú do pháistí go bhfuil teangacha eile ríthábhachtach, go bhfuil siad bainteach le hábhar, suimiúil agus spráúil. Ní fiú litríocht lagbhrioch dhoiléir leadránach a bhrú orthu.

An bhfuil buntáistí ag daoine a thógtar go dátheangach?

Tá agus neart acu. Is cinnte go mbíonn buntáistí acu ar mhargadh an tsaothair mar shampla – tig leo dul i ngleic le dhá chultúr, dhá dhream. Léiríonn staidéar eolaíochta a rinneadh le gairid go bhfuil mórbhuntáistí cognaíocha agus forbartha ag na daoine sin. Bíonn siad in inmhe díriú isteach níos mine ar ghníomhaíochtaí deacra agus maireann an cumas seo iontu de réir mar a théann siad in aois.

Beidh an chéad léarscáil atá bunaithe ar thorthaí shuirbhé Béarla Mheiriceá agus ar 50,000 cainteoir de Bhéarla Mheiriceá sa bhliain 2003 ar fáil i gceann trí bliana.

As an iris www.beo.ie.

Le caoinchead ó eagarthóir www.beo.ie.